



*An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile
An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne*

2023/0250(COD)

13.11.2023

*****I**

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (COM(2023)0424 – C9-0303/2023 – 2023/0250(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile
An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

(Nós imeachta comhchoiste – Rial 58 de na Rialacha Nós Imeachta)

Rapóirtéirí: Javier Zarzalejos, María Soraya Rodríguez Ramos

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	4
---	---

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (COM(2023)0424 – C9-0303/2023 – 2023/0250(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0424),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 82(2), pointe (c), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0303/2023),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Rial 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint do chomhphléití an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus an Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne faoi Rial 58 de na Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A9-0000/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh treorach Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(3) Chun modhanna nua-aimseartha rianúla a sholáthar d'íospartaigh chun a gcearta a fheidhmiú, ba cheart do na Ballstáit a chur ar chumas íospartach cumarsáid leictreonach a dhéanamh leis na húdaráis inniúla náisiúnta. Ba cheart an deis a bheith ag íospartaigh uirlisí leictreonacha a úsáid chun faisnéis a fháil faoina gcearta agus faoina gcás, coireanna a thuairisciú agus cumarsáid a dhéanamh ar shlí eile leis na húdaráis inniúla agus le seirbhísí tacaíochta trí theicneolaíochtaí cumarsáide agus faisnéise. Ba cheart d'íospartaigh a bheith in ann an modh cumarsáide a roghnú, agus ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le teicneolaíochtaí cumarsáide agus faisnéise den sórt sin mar mhalairt ar na gnáthmhodhanna cumarsáide, ach gan iad a ionadú go hiomlán, áfach.

Leasú

(3) Chun modhanna nua-aimseartha rianúla a sholáthar d'íospartaigh chun a gcearta a fheidhmiú, ba cheart do na Ballstáit a chur ar chumas íospartach cumarsáid leictreonach a dhéanamh leis na húdaráis inniúla náisiúnta. Ba cheart an deis a bheith ag íospartaigh uirlisí leictreonacha a úsáid chun faisnéis a fháil faoina gcearta agus faoina gcás, coireanna a thuairisciú, ***fianaise a thíolacadh nuair is féidir***, agus cumarsáid a dhéanamh ar shlí eile leis na húdaráis inniúla agus le seirbhísí tacaíochta trí theicneolaíochtaí cumarsáide agus faisnéise ***atá iontaofa agus sábháilte***. Ba cheart d'íospartaigh a bheith in ann an modh cumarsáide a roghnú, agus ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le teicneolaíochtaí cumarsáide agus faisnéise den sórt sin mar mhalairt ar na gnáthmhodhanna cumarsáide, ach gan iad a ionadú go hiomlán, áfach. ***Ba cheart go n-áireofar sna modhanna cumarsáide agus teicneolaíochtaí faisnéise sin, mar shampla, faisnéis i dteangacha éagsúla, comhráite comhtháite, nó ríomhphoist agus uirlis oibre ar líne a fhónann do riachtanais éagsúla chumarsáide, amhail riachtanais bunaithe ar aois agus ar mhíchumas.***

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh treorach Aithris 5

(5) Níor cheart go ndéanfadh an líne chabhrach ghinearálta d'íospartaigh difear d'oibriú na línte cabhrach tiomnaithe speisialaithe, línte cabhrach do leanaí agus línte cabhrach d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh, cuir i gcás, mar a cheanglaítear faoi Threoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁷ [maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac]. Ba cheart go bhfeidhmeodh línte cabhrach ginearálta d'íospartaigh sa bhreis ar na línte cabhrach speisialaithe.

⁵⁷ Treoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (OJ ...).'

(5) Níor cheart go ndéanfadh an líne chabhrach ghinearálta d'íospartaigh difear d'oibriú na línte cabhrach tiomnaithe speisialaithe, línte cabhrach do leanaí agus línte cabhrach d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh, cuir i gcás, mar a cheanglaítear faoi Threoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁷ [maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac]. Ba cheart go bhfeidhmeodh línte cabhrach ginearálta d'íospartaigh sa bhreis ar na línte cabhrach speisialaithe. ***Go háirithe i gcomhthéacs coireanna trasteorann, ba cheart d'íospartaigh a bheith in ann rochtain a fháil ar línte cabhrach ginearálta agus speisialaithe an Bhallstáit i gcás ina ndearnadh an choir ó Bhallstát eile.***

⁵⁷ Treoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (OJ ...).'

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh treorach Aithris 6

(6) Ba cheart feabhas a chur ar thuairisciú coireachta san Aontas chun an tsaoirse ó phionós a chomhrac, chun athíospart a sheachaint agus chun sochaithe níos sábháilte a áirithiú. Is gá an neamh-mhothálacht phoiblí i leith na coireachta a chomhrac, trí dhaoine a fheiceann an choir a spreagadh chun

(6) Ba cheart feabhas a chur ar thuairisciú coireachta san Aontas chun an tsaoirse ó phionós a chomhrac, chun athíospart a sheachaint agus chun sochaithe níos sábháilte a áirithiú. ***Uaireanta ní bhíonn a fhios ag íospartaigh gur íospartaigh coire iad agus go ndéantar dochar dóibh fós; is minic a***

coireanna a thuairisciú agus cúnamh a thabhairt d'íospartaigh agus trí thimpeallachtaí níos sábháilte a chruthú d'íospartaigh chun coireanna a thuairisciú. I gcás íospartaigh ar imircigh neamhrialta iad san Aontas, má bhíonn timpeallacht shábháilte ann chun coireanna a thuairisciú, laghdaítear an eagla go seolfar nósanna imeachta um fhilleadh mar thoradh ar theagmhálacha le húdaráis forfheidhmithe dlí. Níor cheart sonraí pearsanta íospartach ar imircigh neamhrialta iad san Aontas a aistriú chuig na húdaráis inniúla imirce go dtí go gcríochnófar an chéad mheasúnú aonair dá dtagraítear in Airteagal 22 de Threoir 2012/29/AE ar a laghad. Ní chruthaítear aon cheart maidir le stádas cónaithe an íospartaigh le tuairisciú na coire ná le rannpháirtíocht in imeachtaí coiriúla faoi Threoir 2012/29/AE, agus níl aon éifeacht fionraíochta ag an dá rud sin agus a stádas cónaithe á chinneadh. Ba cheart do gach íospartach leochaileach, íospartaigh ar leanaí iad nó íospartaigh atá faoi choinneáil, **cuir i gcás**, a bhfuil imeaglú á dhéanamh orthu, nó atá spleách ar bhealach eile ar an gciontóir nó a bhfuil a soghluaisteacht teoranta **ar bhealach eile**, a bheith in ann coir a thuairisciú i ndálaí ina gcuirtear san áireamh a gcás áirithe agus i gcomhréir leis na prótacail a cuireadh ar bun go sonrach chun na críche sin.

tharlaíonn sé sin d'íospartaigh na coireachta ar líne, an fhoréigin inscnebhunaithe agus na coireachta comhshaoil. Is gá an neamh-mhothálacht phoiblí i leith na coireachta a chomhrac, trí dhaoine a fheiceann an choir a spreagadh chun coireanna a thuairisciú agus cúnamh a thabhairt d'íospartaigh agus trí thimpeallachtaí níos sábháilte a chruthú d'íospartaigh chun coireanna a thuairisciú, chomh maith le bacainní fisiciúla, riaracháin nó dlíthiúla ar choireanna a tuairisciú a bhaint nó a laghdú. Tá sé sin ábhartha go háirithe toisc gurb iad na híospartaigh ar lú an dóchúlacht go dtuairisceoidh siad coir do na póilíní de ghnáth na daoine is mó a bhfuil cosaint de dhíth orthu, ar leanaí, imircigh, daoine faoi mhíchumas agus íospartaigh na gáinneála ar dhaoine iad. I gcás íospartaigh ar imircigh neamhrialta iad san Aontas, má bhíonn timpeallacht shábháilte ann chun coireanna a thuairisciú, laghdaítear an eagla go seolfar nósanna imeachta um fhilleadh mar thoradh ar theagmhálacha le húdaráis forfheidhmithe dlí. Níor cheart sonraí pearsanta íospartach ar imircigh neamhrialta iad san Aontas a aistriú chuig na húdaráis inniúla imirce go dtí go gcríochnófar an chéad mheasúnú aonair dá dtagraítear in Airteagal 22 de Threoir 2012/29/AE ar a laghad. Ní chruthaítear aon cheart maidir le stádas cónaithe an íospartaigh le tuairisciú na coire ná le rannpháirtíocht in imeachtaí coiriúla faoi Threoir 2012/29/AE, agus níl aon éifeacht fionraíochta ag an dá rud sin agus a stádas cónaithe á chinneadh. Ba cheart do gach íospartach leochaileach, **amhail** íospartaigh ar leanaí iad, **íospartaigh atá ina gcónaí i suíomhanna dúnta lena n-áirítear daoine atá faoi mhíchumais nó daoine scothaosta atá gcónaí in instiúidí cónaithe nó** íospartaigh atá faoi choinneáil, a bhfuil imeaglú á dhéanamh orthu, nó atá spleách ar bhealach eile ar an gciontóir, nó a **dteastaíonn cúnamh uathu ó fhoireann nó ó údaráis do gach gné den saol**

laethúil, nó a bhfuil a soghluaisteacht teoranta, a bheith in ann coir a thuairisciú i ndálaí ina gcuirtear san áireamh a gcás áirithe agus i gcomhréir leis na prótacail a cuireadh ar bun go sonrach chun na críche sin. ***Le híospartaigh atá faoi choinneáil, déantar tagairt do dhaoine ina gcónaí i bpríosúin chomh maith le hionaid choinneála agus cealla coinneála do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe, saoráidí speisialaithe coinneála d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus ionaid réamhaistrithe, agus ionaid chóiríochta ina bhfuil iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus tairbhíthe cosanta idirnáisiúnta lonnaithe. Ba cheart aird ar leith a thabhairt freisin ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu i suíomhanna dúnta eile amhail institiúidí cónaithe, institiúidí meabhairshláinte, sóisialta agus cúraim.***

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh treorach Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(7) Ba cheart seirbhísí tacaíochta spriocdhírithé agus comhtháite a bheith ar fáil do raon leathan íospartach a bhfuil riachtanais shonracha acu. Féadfar a áireamh ar na híospartaigh sin ní hamháin íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh, íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe agus íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh, ach freisin íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, íospartaigh coireanna eagraithe, íospartaigh atá faoi mhíchumas, íospartaigh an dúshaothraithe, íospartaigh na fuathchoireachta, íospartaigh na sceimhlitheoireachta nó íospartaigh na gcoireanna idirnáisiúnta is tromchúisí. Mar fhreagairt ar na heasnamh a sainaithníodh

Leasú

(7) Ba cheart seirbhísí tacaíochta spriocdhírithé agus comhtháite a bheith ar fáil do raon leathan íospartach a bhfuil riachtanais shonracha acu, ***lena n-áirítear íospartaigh a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe, ceantair inar tearc an daonra, agus ceantair iargúlta.*** Féadfar a áireamh ar na híospartaigh sin ní hamháin íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh, íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe, ***lena n-áirítear íospartaigh na gcineálacha coireanna sin ar líne,*** agus íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh, ach freisin íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, íospartaigh coireanna eagraithe, íospartaigh atá faoi mhíchumas, íospartaigh an dúshaothraithe,

sa mheastóireacht, ba cheart do na Ballstáit prótacail shonracha a bhunú lena n-eagrófar gníomhaíochtaí seirbhísí tacaíochta speisialaithe chun aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar riachtanais iolracha na n-íospartach a bhfuil riachtanais shonracha acu. Ba cheart prótacail den sórt sin a bhunú i gcomhordú agus i gcomhar idir údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis ionchúisimh, breithiúna, údaráis choinneála, seirbhísí ceartais aisiríoch agus seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh.

íospartaigh na fuathchoireachta, íospartaigh na sceimhlitheoireachta nó íospartaigh na gcoireanna idirnáisiúnta is tromchúisí. Mar fhreagairt ar na heasnaimh a sainaithníodh sa mheastóireacht, ba cheart do na Ballstáit prótacail shonracha a bhunú lena n-eagrófar gníomhaíochtaí seirbhísí tacaíochta speisialaithe chun aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar riachtanais iolracha na n-íospartach a bhfuil riachtanais shonracha acu. Ba cheart prótacail den sórt sin a bhunú i gcomhordú agus i gcomhar idir údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis ionchúisimh, breithiúna, údaráis choinneála, seirbhísí ceartais aisiríoch agus seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh treorach Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(7a) Is eagraíochtaí iad na seirbhísí tacaíochta ginearálta atá speisialaithe maidir le tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh na coireachta a chuireann tacaíocht ar fáil d'íospartaigh uile na coireachta. Féadfar a áireamh ar na seirbhísí sin seirbhísí atá saincheaptha do ghrúpaí sonracha nó cineálacha sonracha seirbhísí a thairiscint. Ag an am céanna, cuirtear sainseirbhísí tacaíochta ar fáil do ghrúpaí áirithe íospartach, bunaithe ar an gcineál coireachta nó ar shaintréithe pearsanta. Tá comhar agus comhordú lárnach idir na heagraíochtaí agus na seirbhísí uile a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh rithábhachtach chun a áirithiú go mbeidh seirbhísí iomchuí tacaíochta d'íospartaigh ar fáil do gach catagóir íospartach ar bhonn réasúnta comhionann. Dá bhrí sin,

Leasú 6

**Togra le haghaidh treorach
Aithris 8**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(8) Chun iarmhairtí tromchúiseacha na híospartha a sheachaint ag aois óg, ar iarmhairtí iad a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar shaol iomlán íospartach, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go bhfaighidh ná híospartaigh uile ar leanaí iad an caighdeán is airde tacaíochta agus cosanta. Ba cheart go mbainfeadh formhór na n-íospartach leochaileach ar leanaí iad, lena n-áirítear íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí ar leanaí iad, íospartaigh na gáinneála ar dhaoine ar leanaí iad agus íospartaigh ar leanaí iad a ndearna an choir difear mór dóibh ar bhealach eile de bharr thromchúis na coire nó de bharr a gcúinsí áirithe, ba cheart go mbainfidís tairbhe as na seirbhísí tacaíochta agus cosanta spriocdhírthe agus comhtháite lena n-áirítear cur chuige comhordaithe comhoibrithe na seirbhísí breithiúnacha agus sóisialta laistigh den áitreabh céanna. Ba cheart seirbhísí den sórt sin a sholáthar i spás tiomnaithe. Chun a áirithiú go ndéanfar an t-íospartach ar leanbh é a chosaint go héifeachtach i gcásanna ina mbaineann an choir le sealbhóir na freagrachta tuismitheora, nó ina bhfuil coinbhleacht leasa idir an leanbh agus sealbhóir na freagrachta tuismitheora, cuireadh foráil isteach chun a áirithiú, i gcásanna amhail coir a thuairisciú, agallaimh leighis nó fhóiréinseacha, tarchur chun seirbhísí tacaíochta nó tacaíocht shíceolaíoch, i measc nithe eile,

Leasú

(8) Chun iarmhairtí tromchúiseacha na híospartha a sheachaint ag aois óg, ar iarmhairtí iad a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar shaol iomlán íospartach, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go bhfaighidh ná híospartaigh uile ar leanaí iad an caighdeán is airde tacaíochta agus cosanta. Ba cheart go mbainfeadh formhór na n-íospartach leochaileach ar leanaí iad, lena n-áirítear íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí ar leanaí iad, íospartaigh na gáinneála ar dhaoine ar leanaí iad agus íospartaigh ar leanaí iad a ndearna an choir difear mór dóibh ar bhealach eile de bharr thromchúis na coire nó de bharr a gcúinsí áirithe, ***amhail leanaí na n-íospartach a maraíodh de bharr an fhoréigin in aghaidh na mban nó an fhoréigin teaghlaigh***, ba cheart go mbainfidís tairbhe as na seirbhísí tacaíochta agus cosanta spriocdhírthe agus comhtháite lena n-áirítear cur chuige comhordaithe comhoibrithe na seirbhísí breithiúnacha agus sóisialta laistigh den áitreabh céanna. Ba cheart seirbhísí den sórt sin a sholáthar i spás tiomnaithe. Chun a áirithiú go ndéanfar an t-íospartach ar leanbh é a chosaint go héifeachtach i gcásanna ina mbaineann an choir le sealbhóir na freagrachta tuismitheora, nó ina bhfuil coinbhleacht leasa idir an leanbh agus sealbhóir na freagrachta tuismitheora, cuireadh foráil isteach chun a áirithiú, i gcásanna amhail coir a thuairisciú,

nár cheart na gníomhartha sin a bheith ag brath ar thoiliú shealbhóir na freagrachta tuismitheora, agus leas an linbh á chur san áireamh i gcónaí.

agallaimh leighis nó fhóiréinseacha, tarchur chun seirbhísí tacaíochta nó tacaíocht shíceolaíoch **chomh maith le tacaíocht riaracháin agus dhlíthiúil**, i measc nithe eile, nár cheart na gníomhartha sin a bheith ag brath ar thoiliú shealbhóir na freagrachta tuismitheora, agus leas an linbh á chur san áireamh i gcónaí.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh treorach Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(9) Ionas go mbraithfidh íospartaigh go bhfuil ceartas bainte amach agus ionas go mbeidh siad in ann a leas a chosaint, tá sé tábhachtach go mbeidh siad i láthair agus in ann páirt ghníomhach a ghlacadh sna himeachtaí coiriúla. Sin é an fáth ar cheart é a bheith de cheart ag gach íospartach san Aontas, go neamhspleách ar a stádas san imeacht coiriúil, ar rud é a bhunaítear leis an dlí náisiúnta, leigheas éifeachtach a fháil faoin dlí náisiúnta i gcás sárú ar a gcearta faoin Treoir seo. Ina theannta sin, ba cheart é a bheith de cheart ag gach íospartach san Aontas, go neamhspleách ar a stádas san imeacht coiriúil, athbhreithniú a iarraidh ar chinntí a rinneadh le linn imeachtaí cúirte agus a dhéanann difear dóibh go díreach. Ba cheart a áireamh i gcinntí den sórt sin ar a laghad cinntí maidir le socrúithe ateangaireachta le linn éisteachtaí cúirte **agus** cinntí maidir le bearta cosanta speisialta atá ar fáil d'íospartaigh a bhfuil riachtanais chosanta speisialta acu. Maidir leis na rialacha nós imeachta faoina bhféadfaidh íospartaigh athbhreithniú a iarraidh ar chinntí den sórt sin a dhéantar le linn imeachtaí cúirte, ba cheart na rialacha sin a chinneadh leis an dlí náisiúnta lenar cheart foráil a dhéanamh maidir leis na

Leasú

(9) Ionas go mbraithfidh íospartaigh go bhfuil ceartas bainte amach agus ionas go mbeidh siad in ann a leas a chosaint, tá sé tábhachtach go mbeidh siad i láthair agus in ann páirt ghníomhach a ghlacadh sna himeachtaí coiriúla. Sin é an fáth ar cheart é a bheith de cheart ag gach íospartach san Aontas, go neamhspleách ar a stádas san imeacht coiriúil, ar rud é a bhunaítear leis an dlí náisiúnta, leigheas éifeachtach a fháil faoin dlí náisiúnta i gcás sárú ar a gcearta faoin Treoir seo. Ina theannta sin, ba cheart é a bheith de cheart ag gach íospartach san Aontas, go neamhspleách ar a stádas san imeacht coiriúil, athbhreithniú a iarraidh ar chinntí a rinneadh le linn imeachtaí cúirte agus a dhéanann difear dóibh go díreach. Ba cheart a áireamh i gcinntí den sórt sin ar a laghad cinntí maidir le socrúithe ateangaireachta le linn éisteachtaí cúirte, cinntí maidir le bearta cosanta speisialta atá ar fáil d'íospartaigh a bhfuil riachtanais chosanta speisialta acu **agus bearta cosanta fisiciúla d'íospartaigh**. Maidir leis na rialacha nós imeachta faoina bhféadfaidh íospartaigh athbhreithniú a iarraidh ar chinntí den sórt sin a dhéantar le linn imeachtaí cúirte, ba cheart na rialacha sin a chinneadh leis an dlí náisiúnta lenar

ráthaíochtaí riachtanacha nach gcuirfeadh an fhéidearthacht athbhreithniú a dhéanamh síneadh díréireach leis an imeacht coiriúil.

cheart foráil a dhéanamh maidir leis na ráthaíochtaí riachtanacha nach gcuirfeadh an fhéidearthacht athbhreithniú a dhéanamh síneadh díréireach leis an imeacht coiriúil. ***Chun páirt ghníomhach a ghlacadh in imeachtaí coiriúla agus chun rochtain a fháil ar leigheas éifeachtach, ní mór na híospartaigh a thabhairt cothrom le dáta go cuí maidir le staid na himeartha agus maidir le forbairtí suntasacha sna himeachtaí coiriúla.***

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh treorach Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(10) Ba cheart measúnú a dhéanamh ar gach íospartach ar bhealach tráthúil, ***leordhóthanach***, éifeachtúil agus comhréireach. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go bhfaighidh íospartaigh an tacaíocht agus an chosaint a fhreagraíonn dá riachtanais aonair. Ba cheart an measúnú aonair ar riachtanais tacaíochta agus chosanta íospartach a dhéanamh i gcéimeanna. Sa chéad chéim, ba cheart measúnú a dhéanamh ar gach íospartach ón gcéad teagmháil leis na húdaráis inniúla chun a áirithiú go ndéanfar na híospartaigh is leochailí a shainnithint ag na céimeanna an-luath den imeacht. Amhail ó na chéad chéimeanna eile, ba cheart do sheirbhísí tacaíochta d'íospartaigh, lena n-áirítear síceolaithe, measúnú a dhéanamh ar íospartaigh a dteastaíonn measúnú feabhsaithe den sórt sin uathu. Is iad na seirbhísí sin is fearr atá in ann staid folláine íospartach a mheas. Ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú aonair freisin staid dhéantóir na coire: d'fhéadfadh stair foréigin a bheith aige, d'fhéadfadh sé a

Leasú

(10) Ba cheart measúnú a dhéanamh ar gach íospartach ar bhealach tráthúil, ***leormhaith***, éifeachtúil agus comhréireach. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go bhfaighidh íospartaigh an tacaíocht agus an chosaint a fhreagraíonn dá riachtanais aonair. Ba cheart an measúnú aonair ar riachtanais tacaíochta agus chosanta íospartach a dhéanamh i gcéimeanna. ***Agus riachtanais chosanta agus tacaíochta an íospartaigh á meas, ba cheart gurb é an príomhábhar inní a bheadh ann sábháilteacht an íospartaigh a chosaint agus tacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil, agus imthosca aonair an íospartaigh á gcur san áireamh, i measc nithe eile.*** Sa chéad chéim, ba cheart measúnú a dhéanamh ar gach íospartach ón gcéad teagmháil leis na húdaráis inniúla chun a áirithiú go ndéanfar na híospartaigh is leochailí a shainnithint ag na céimeanna an-luath den imeacht. Amhail ó na chéad chéimeanna eile, ba cheart do sheirbhísí tacaíochta d'íospartaigh, lena n-áirítear síceolaithe, measúnú a dhéanamh ar

bheith i seilbh arm nó ag baint mí-úsáide as drugaí agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh rioscaí níos airde a bheith ann d'íospartaigh. Ba cheart go n-áireofaí freisin sa mheasúnú aonair ar riachtanais íospartach measúnú ar riachtanais tacaíochta íospartach, agus ní hamháin measúnú ar riachtanais chosanta. Tá sé ríthábhachtach íospartaigh a bhfuil tacaíocht speisialta de dhíth orthu a shainaithint, ionas go gcuirfear tacaíocht spriocdhírithé amhail cúnamh síceolaíoch saor in aisce ar fáil thar thréimhse fhada dóibh siúd a bhfuil an tacaíocht sin de dhíth orthu.

íospartaigh a dteastaíonn measúnú feabhsaithe den sórt sin uathu. Is iad na seirbhísí sin is fearr atá in ann staid folláine íospartach a mheas. Ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú aonair freisin staid dhéantóir na coire: d'fhéadfadh stair foréigin a bheith aige, d'fhéadfadh sé a bheith i seilbh arm nó ag baint mí-úsáide as drugaí agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh rioscaí níos airde a bheith ann d'íospartaigh. Ba cheart go n-áireofaí freisin sa mheasúnú aonair ar riachtanais íospartach measúnú ar riachtanais tacaíochta íospartach, agus ní hamháin measúnú ar riachtanais chosanta. Tá sé ríthábhachtach íospartaigh a bhfuil tacaíocht speisialta de dhíth orthu a shainaithint, ionas go gcuirfear tacaíocht spriocdhírithé amhail cúnamh síceolaíoch saor in aisce ar fáil thar thréimhse fhada dóibh siúd a bhfuil an tacaíocht sin de dhíth orthu.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh treorach Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(11) Mar thoradh ar an measúnú feabhsaithe ar riachtanais chosanta íospartach, ba cheart íospartaigh a bhfuil cosaint fhisiciúil de dhíth orthu a bheith in ann an chosaint sin a fháil i bhfoirm atá oiriúnaithe dá gcás áirithe. Ba cheart a áireamh ar na bearta sin na húdaráis forfheidhmithe dlí a bheith i láthair nó an ciontóir a choinneáil ón íospartach ar bhonn orduithe cosanta náisiúnta. D'fhéadfadh na bearta sin a bheith de chineál coiriúil, riaracháin nó sibhialta.

Leasú

(11) Mar thoradh ar an measúnú feabhsaithe ar riachtanais chosanta íospartach, ba cheart íospartaigh a bhfuil cosaint fhisiciúil de dhíth orthu a bheith in ann an chosaint sin a fháil i bhfoirm atá oiriúnaithe dá gcás áirithe, ***go háirithe i gcásanna atá bagrach don bheatha***. Ba cheart a áireamh ar na bearta sin na húdaráis forfheidhmithe dlí a bheith i láthair nó an ciontóir a choinneáil ón íospartach ar bhonn orduithe ***urchoisc, srianta nó*** cosanta náisiúnta ***nó tarchur chun ionaid dídine agus chun cóiríochtaí eatramhacha eile***. D'fhéadfadh na bearta sin a bheith de chineál coiriúil, riaracháin

nó sibhialta. *Ba cheart do na Ballstáit feabhas a chur ar an bhfeasacht i measc na n-údarás inniúil ábhartha maidir le hinfhaighteacht na mbeart cosanta sin. Chun éifeachtacht orduithe urchoisc, srianta agus cosanta a chosaint, ba cheart sárúithe ar orduithe den sórt sin a bheith faoi réir pionós. D'fhéadfadh na pionóis sin a bheith de dhlí coiriúil nó de chineál dlíthiúil eile agus d'fhéadfadh pianbhreitheanna príosúin, fíneálacha nó aon phionós dlíthiúil eile a bheith iontu atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.*

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh treorach
Aithris 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(11a) Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun saoirse ó phionós dlíthiúil agus sóisialta a chosc i gcás déantóirí gníomhartha sceimhlitheoireachta, ós rud é gur constaic shuntasach é sin ar théarnamh agus ar chosaint íospartach. Ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun coir a dhéanamh de ghlóiriú gnímh sceimhlitheoireachta ar leith toisc go gcuireann sé uiríslíú ar na híospartaigh agus go bhfuil sé ina chúis le híospairt thánaisteach trí dhamáiste a dhéanamh do dhínit agus do théarnamh na n-íospartach. Ba cheart do na Ballstáit ómós dóibh siúd a fhaightear ciontach i ngníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a thoirmeasc trí bhreithiúnas críochnaitheach agus ba cheart dóibh aird ar leith a thabhairt ar íospartaigh i gcás inar féidir leo a bheith thíos le ciapadh nó ina bhféadfadh eagla a bheith orthu go ndéanfaí ionsaí orthu arís de

Leasú 11

Togra le haghaidh treorach Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(13) Ní féidir le híospartaigh tairbhe éifeachtach a bhaint as a gcearta chun faisnéise, chun tacaíochta agus chun cosanta i gcomhréir lena riachtanais aonair má bhíonn orthu aghaidh a thabhairt ar na scéimeanna ceartais náisiúnta ina bhfuil easpa comhair agus comhordaithe idir na daoine a mbíonn teagmháil acu le híospartaigh. Gan dlúthchomhar agus dlúthchomhordú idir forfheidhmiú an dlí náisiúnta, ionchúiseamh, breithiúna, seirbhísí aisiríocha, seirbhísí cúitimh agus seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh, is deacair d'íospartaigh a gcearta a fhorghníomhú go héifeachtach faoi Threoir 2012/29/AE. Moltar d'údaráis eile, cúram sláinte, oideachas agus seirbhísí sóisialta, **cuir i gcás**, a bheith páirteach sa chomhar agus sa chomhordú sin. Tá an méid sin bailí go háirithe maidir le híospartaigh ar leanaí iad.

Leasú

(13) Ní féidir le híospartaigh tairbhe éifeachtach a bhaint as a gcearta chun faisnéise, chun tacaíochta agus chun cosanta i gcomhréir lena riachtanais aonair má bhíonn orthu aghaidh a thabhairt ar na scéimeanna ceartais náisiúnta ina bhfuil easpa comhair agus comhordaithe idir na daoine a mbíonn teagmháil acu le híospartaigh. Gan dlúthchomhar agus dlúthchomhordú idir forfheidhmiú an dlí náisiúnta, ionchúiseamh, breithiúna, seirbhísí aisiríocha, seirbhísí cúitimh agus seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh, is deacair d'íospartaigh a gcearta a fhorghníomhú go héifeachtach faoi Threoir 2012/29/AE. Moltar d'údaráis eile, **amhail** cúram sláinte, oideachas agus seirbhísí sóisialta, **chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha**, a bheith páirteach sa chomhar agus sa chomhordú sin. Tá an méid sin bailí go háirithe maidir le híospartaigh ar leanaí iad.

Leasú 12

Togra le haghaidh treorach Aithris 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(13a) Ba cheart rochtain a bheith ag

oifigigh ar dócha go mbeidh teagmháil phearsanta acu le híospartaigh ar oiliúint leordhóthanach agus iomchuí agus ba cheart dóibh oiliúint leordhóthanach agus iomchuí a fháil. Ba cheart an oiliúint do na húdaráis inniúla a bheith éifeachtach, úrscothach, idirdhisciplíneach agus ilghníomhaireachta, agus ba cheart go mbainfí leas as teicneolaíochtaí nua inti chun rannpháirtíocht agus idirghníomhaíocht a fheabhsú. Ba cheart go gcuirfí i gcrích í i gcomhar le gníomhaithe neamhrialtasacha lena n-áirítear comhlachais íospartach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Chomh maith le hoiliúint a chur ar údaráis inniúla maidir le cearta ginearálta íospartach, ba cheart cláir oiliúna thiomnaithe a bheith ann maidir le déileáil le catagóirí sonracha íospartach. Ba cheart oiliúint fhrithpháirteach agus malartú dea-chleachtas idir údaráis náisiúnta, lena n-áirítear údaráis bhreithiúnacha agus údaráis forfheidhmithe dlí, agus eagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh a chur chun cinn freisin chun tacaíocht agus cosaint níos fearr d'íospartaigh a áirithiú chomh maith le comhordú na n-institiúidí lena mbaineann. Ba cheart an oiliúint a bheith íogair ó thaobh inscne, leanaí agus tráma de, agus é mar aidhm léi íospairt thánaisteach a sheachaint agus cumarsáid ionbhách agus éisteach ghníomhach a fhorbairt i measc scileanna eile. Ba cheart treoirlínte sonracha d'oifigigh um fhorfheidhmiú an dlí a mheas mar dhea-chleachtas freisin.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh treorach
Aithris 14

(14) Tá prótacail náisiúnta ríthábhachtach chun a áirithiú go bhfaighidh íospartaigh faisnéis faoina gcearta agus faoina gcás agus go ndéantar measúnú **leordhóthanach** ar íospartaigh ionas go mbeidh siad in ann an tacaíocht agus an chosaint a fhreagraíonn dá riachtanais aonair a fháil, ar riachtanais iad a athraíonn le himeacht ama. Ba cheart prótacail a bhunú trí bhearta reachtacha ar bhealach is fearr a oireann do dhlíchórais náisiúnta agus d'eagrú an cheartais sna Ballstáit. Ba cheart go rialófaí leis sin na gníomhaíochtaí maidir le faisnéis a sholáthar d'íospartaigh, tuairisciú coireanna a éascú do na híospartaigh is leochailí, lena n-áirítear iad siúd atá faoi choinneáil, agus measúnú aonair ar riachtanais íospartach. Ba cheart a shonrú sna bearta reachtacha lena mbunaítear na prótacail na heilimintí riachtanacha is gá chun sonraí a phróiseáil, lena n-áirítear faighteoirí na sonraí pearsanta agus na catagóirí sonraí a phróiseálfar i gcomhthéacs oibriú na bprótacal. Ba cheart foráil a dhéanamh sna prótacail maidir le treoracha ginearálta i ndáil le conas déileáil le seirbhísí agus gníomhaíochtaí faoi Threoir 2012/29/AE ar bhealach cuimsitheach gan déileáil le cásanna aonair, áfach.

(14) Tá prótacail náisiúnta ríthábhachtach chun a áirithiú go bhfaighidh íospartaigh faisnéis **ar mhodh comhsheasmhach** faoina gcearta agus faoina gcás agus go ndéantar measúnú **leormhaith** ar íospartaigh ionas go mbeidh siad in ann an tacaíocht agus an chosaint a fhreagraíonn dá riachtanais aonair a fháil, ar riachtanais iad a athraíonn le himeacht ama. **Is uirlisí riachtanacha iad prótacail náisiúnta chun measúnuithe aonair dea-chomhordaithe a bhaint amach, chun íospairt thánaisteach a sheachaint agus chun feabhas a chur ar an gcomhordú agus ar an gcomhar i measc na n-údarás inniúil agus na ngeallsealbhóirí ábhartha maidir le cosaint íospartach.** Ba cheart prótacail a bhunú trí bhearta reachtacha ar bhealach is fearr a oireann do dhlíchórais náisiúnta agus d'eagrú an cheartais sna Ballstáit. Ba cheart go rialófaí leis sin na gníomhaíochtaí maidir le faisnéis a sholáthar d'íospartaigh, tuairisciú coireanna a éascú do na híospartaigh is leochailí, lena n-áirítear iad siúd atá faoi choinneáil, agus measúnú aonair ar riachtanais íospartach. Ba cheart a shonrú sna bearta reachtacha lena mbunaítear na prótacail na heilimintí riachtanacha is gá chun sonraí a phróiseáil, lena n-áirítear faighteoirí na sonraí pearsanta agus na catagóirí sonraí a phróiseálfar i gcomhthéacs oibriú na bprótacal. Ba cheart foráil a dhéanamh sna prótacail maidir le treoracha ginearálta i ndáil le conas déileáil le seirbhísí agus gníomhaíochtaí faoi Threoir 2012/29/AE ar bhealach cuimsitheach gan déileáil le cásanna aonair, áfach.

Or. en

Togra le haghaidh treorach
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(16) Tá an tAontas agus na Ballstáit ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas⁵⁹ agus tá siad faoi cheangal ag a oibleagáidí go feadh a n-inniúlachtaí faoi seach. Faoi Airteagal 13 den Choinbhinsiún sin, tá sé d'oibleagáid ar na Stáit is Páirtithe rochtain éifeachtach ar an gceartas a áirithiú do dhaoine atá faoi mhíchumas ar bhonn comhionann le daoine eile, agus dá bhrí sin, is gá inrochtaineacht a áirithiú agus cóiríocht réasúnach a chur ar fáil ionas go mbeidh a gcearta mar íospartaigh ag íospartaigh atá faoi mhíchumas ar bhonn comhionann le daoine eile. Leis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁰, is féidir cur chun feidhme an Choinbhinsiúin sin a éascú agus cearta na n-íospartach a leagtar síos le Treoir 2012/29/AE inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas a áirithiú.

⁵⁹ IO L 23, 27.1.2010, lch. 37.

⁶⁰ Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

Leasú

(16) Tá an tAontas agus na Ballstáit ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas⁵⁹ agus tá siad faoi cheangal ag a oibleagáidí go feadh a n-inniúlachtaí faoi seach. Faoi Airteagal 13 den Choinbhinsiún sin, tá sé d'oibleagáid ar na Stáit is Páirtithe rochtain éifeachtach ar an gceartas a áirithiú do dhaoine atá faoi mhíchumas ar bhonn comhionann le daoine eile, agus dá bhrí sin, is gá inrochtaineacht a áirithiú agus cóiríocht réasúnach **chomh maith le cóiríocht nós imeachta** a chur ar fáil ionas go mbeidh a gcearta mar íospartaigh ag íospartaigh atá faoi mhíchumas ar bhonn comhionann le daoine eile. **Is éard atá i gcóiríocht nós imeachta na modhnuithe agus na coigeartuithe uile is gá agus is iomchuí i gcomhthéacs na rochtana ar cheartas chun rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas a áirithiú ar bhonn comhionann le daoine eile.** Leis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁰, is féidir cur chun feidhme an Choinbhinsiúin sin a éascú agus cearta na n-íospartach a leagtar síos le Treoir 2012/29/AE inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas a áirithiú.

⁵⁹ IO L 23, 27.1.2010, lch. 37.

⁶⁰ Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

Or. en

**Togra le haghaidh treorach
Aithris 18**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(18) Tá bailiú sonraí cruinne agus comhleanúnacha agus foilsiú tráthúil sonraí agus staitisticí a bhailítear rithábhachtach chun eolas iomlán a áirithiú maidir le cearta íospartaigh na coireachta laistigh den Aontas. Ceanglas a thabhairt isteach do na Ballstáit sonraí i dtaca le cur i bhfeidhm nósanna imeachta náisiúnta maidir le híospartaigh na coireachta a bhailiú agus a thuairisciú don Choimisiún gach 3 bliana ar bhealach comhchuibhithe, meastar gur céim ábhartha a bheidh ann sin chun a áirithiú go nglacfar beartais agus straitéisí a bhfuil bunús sonraí leo. Ba cheart don Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha leanúint de chúnamh a thabhairt don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit staidreamh maidir le híospartaigh na coireachta a bhailiú, a tháirgeadh agus a scaipeadh agus maidir le tuairisciú *a dhéanamh* ar an gcaoi a bhfuair íospartaigh rochtain ar na cearta a leagtar amach sa Treoir seo.

Leasú

(18) Tá bailiú sonraí cruinne agus comhleanúnacha, *lena n-áirítear sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla araon,* agus foilsiú tráthúil sonraí agus staitisticí a bhailítear rithábhachtach chun eolas iomlán a áirithiú maidir le cearta íospartaigh na coireachta laistigh den Aontas *agus chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach seo. Ba cheart go n-áireofaí ar an staidreamh sonraí atá ábhartha do chur i bhfeidhm nósanna imeachta náisiúnta maidir le híospartaigh na coireachta, lena n-áirítear ar a laghad líon agus cineál na gcoireanna a tuairiscíodh agus líon, aois, gnéas, inscne agus míchumas, más ann dóibh, an íospartaigh, agus cineál an chiona agus cineál an chaidrimh idir an t-íospartach agus an ciontóir. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis, faisnéis maidir le cé acu a d'fhulaing nó nár fhulaing íospartaigh coir mar gheall ar chlaontacht nó ar chúis idirdhealaitheach.* Ceanglas a thabhairt isteach do na Ballstáit sonraí i dtaca le cur i bhfeidhm nósanna imeachta náisiúnta maidir le híospartaigh na coireachta a bhailiú agus a thuairisciú don Choimisiún gach 3 bliana ar bhealach comhchuibhithe, meastar gur céim ábhartha a bheidh ann sin chun a áirithiú go nglacfar beartais agus straitéisí a bhfuil bunús sonraí leo. Ba cheart *tuairisciú trí bliana na mBallstát a chomhordú agus a chomhchuibhiú chun inchomparáideacht níos fearr sonraí a áirithiú. Chuige sin, ba cheart amlíne shioncrónaithe a bheith ag na Ballstáit chun na sonraí a bhailítear faoi Threoir 2012/29/AE a thuairisciú. Ba cheart* don Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha leanúint de chúnamh a thabhairt

don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit staidreamh maidir le híospartaigh na coireachta a bhailiú, a **anailísiú, a** tháirgeadh agus a scaipeadh agus maidir le tuairisciú **na faisnéise** ar an gcaoi a bhfuair íospartaigh rochtain ar na cearta a leagtar amach sa Treoir seo. **Chun anailís a dhéanamh ar na sonraí comhiomlánaithe, ba cheart buiséid na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha a mhaoiniú go leormhaith.**

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh treorach Aithris 18 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(18a) Ba cheart do na Ballstáit sonraí maidir le foréigean inscnebhunaithe as líne agus ar líne a thairgeadh, a bhailiú agus a tharchur, lena n-áirítear foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh, chomh maith le fuathchaint agus coireanna fuatha, a bhfuil tionchar díréireach acu ar mhná, ar dhaoine LGBTIQ+ agus ar leanaí, a ndéantar tarcthuairisciú forleathan orthu fós.

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh treorach Aithris 18 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(18b) Ba cheart do na Ballstáit cúraimí Comhordaitheora do chearta íospartach a éascú mar a leagtar amach i gcomhthéacs Straitéis AE maidir le cearta íospartach a

bhfuil sé d'aidhm aici comhsheasmhacht agus éifeachtacht na ngníomhaíochtaí i ndáil le beartas chearta na n-íospartach a áirithiú. Is iad cúraimí sonracha an Chomhordaitheora feidhmiú rianúil an Ardáin um Chearta Íospartach agus cur chun feidhme Straitéis an Aontais maidir le cearta íospartach (2020-2025) a áirithiú agus déanfaidh sé gníomhaíochtaí geallsealbhóirí eile ar leibhéal an Aontais a bhaineann le cearta íospartach a shioncrónú, go háirithe i gcás inarb ábhartha maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2012/92/AE.

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1

Treoir 2012/29/AE

Airteagal 3 a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) íospartaigh a **chur ar aghaidh** chuig seirbhísí tacaíochta speisialaithe agus/nó línte cabhrach speisialaithe **más gá**.

Leasú

(c) íospartaigh a **tharchur** chuig seirbhísí **ábhartha, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta ginearálta agus seirbhísí tacaíochta** speisialaithe agus/nó línte cabhrach speisialaithe.

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1

Treoir 2012/29/AE

Airteagal 3 a – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Áiritheoidh na Ballstáit soláthar na línte cabhrach dá dtagraítear i **mír 1** trí líne

Leasú

2. Áiritheoidh na Ballstáit soláthar na línte cabhrach dá dtagraítear i **mír 1** trí líne

chabhrach teileafóin atá nasctha le huimhir chomhchuibhithe AE ‘116 006’ agus trí theicneolaíochtaí eile faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear suíomhanna gréasáin.

chabhrach teileafóin atá nasctha le huimhir chomhchuibhithe AE ‘116 006’ agus trí theicneolaíochtaí eile faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear suíomhanna gréasáin **agus tacaíocht fhíorama trí bhoscaí comhrá. Déanfar línte cabhrach a lárú trí uimhir chomhchuibhithe an Aontais gan dochar do na línte cabhrach atá ann cheana a choinneáil ar bun, go háirithe na línte sin atá á mbainistiú ag eagraíochtaí neamhrialtasacha.**

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 3a – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag íospartaigh na coireachta trasteorann ar línte cabhrach dá rogha féin, lena n-áirítear línte cabhrach Ballstát eile.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 3 a – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4. Féadfaidh eagraíochtaí poiblí nó **eagraíochtaí** neamhrialtasacha línte cabhrach a chur ar bun agus féadfar iad a eagrú ar bhonn gairmiúil nó deonach.;

4. Féadfaidh eagraíochtaí **atá speisialaithe maidir le tacaíocht a thabhairt d’íospartaigh, bíodh siad ina n-eagraíochtaí** poiblí nó **ina n-eagraíochtaí** neamhrialtasacha, línte cabhrach a chur ar

bun agus **a oibriú, agus** féadfar iad a eagrú ar bhonn gairmiúil nó deonach.

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 5 a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le híospartaigh cionta coiriúla a thuairisciú do na húdaráis inniúla trí ***theicneolaíochtaí*** faisnéise agus cumarsáide ***atá inrochtana agus soláimhsithe***. Áireofar leis an bhféidearthacht sin fianaise a chur isteach nuair is féidir.

Leasú

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le híospartaigh cionta coiriúla a thuairisciú do na húdaráis inniúla trí ***shásraí tuairiscithe atá inrochtana, sábháilte agus soláimhsithe, trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí*** faisnéise agus cumarsáide. Áireofar leis an bhféidearthacht sin fianaise a chur isteach nuair is féidir.

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 5 a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le híospartaigh coireanna a dhéantar i saoráidí coinneála a thuairisciú go héifeachtach. Áireofar ar na saoráidí coinneála, sa bhreis ar phríosúin, ionaid choinneála agus cealla coinneála do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe, saoráidí speisialaithe coinneála d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus ionaid réamhaistrithe, agus ionaid chóiríochta ina bhfuil iarratasóirí ar

Leasú

3. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le híospartaigh coireanna a dhéantar i saoráidí coinneála ***agus i suíomhanna dúnta eile*** a thuairisciú go héifeachtach. Áireofar ar na saoráidí coinneála, sa bhreis ar phríosúin, ionaid choinneála agus cealla coinneála do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe, saoráidí speisialaithe coinneála d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus ionaid réamhaistrithe, agus ionaid chóiríochta ina bhfuil iarratasóirí ar

chosaint idirnáisiúnta agus tairbhithe
cosanta idirnáisiúnta lonnaithe.

chosaint idirnáisiúnta agus tairbhithe
cosanta idirnáisiúnta lonnaithe. *Áireofar ar
shuíomhanna dúnta eile, institiúidí
meabhairshláinte agus cúraim shóisialta,
amhail dílleachtlanna agus tithe scoir.*

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 6 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

An téacs atá ann

1. Áiritheoidh na Ballstáit go
dtabharfar fógra gan moill
neamhriachtanach d'íospartaigh faoin
gceart atá acu an fhaisnéis seo a leanas a
fháil faoi na himeachtaí coiriúla a
tionscnaíodh mar thoradh ar an ngearán i
ndáil le cion coiriúil a d'fhulaing an t-
íospartach ***agus, arna iarraidh sin orthu,***
go bhfaighidh siad an fhaisnéis sin:

Leasú

***(2a) In Airteagal 6(1), cuirtear an méid
seo a leanas in ionad na coda réamhráití:***

1. Áiritheoidh na Ballstáit go
bhfaighidh íospartaigh an fhaisnéis seo a
leanas ***ar a laghad gan mhoill***
neamhriachtanach faoi na himeachtaí
coiriúla a tionscnaíodh mar thoradh ar an
ngearán i ndáil le cion coiriúil a d'fhulaing
an t-íospartach, ***mura rud é go ndéanann***
siad agóid i gcoinne faisnéis den sórt sin a
fháil:

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 b (nua)
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 6 – mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

***(2b) cuirtear an pointe seo a leanas le
hAirteagal 6(1):***

***(ba) faisnéis maidir le staid na
himeartha agus forbairtí suntasacha san***

Leasú 26

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 c (nua)
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 6 – mír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2c) cuirtear isteach an pointe seo a leanas in Airteagal 6(2):

(ba) aon chinntí a dhéantar in imeachtaí coiriúla a dhéanann difear go díreach don íospartach, ar a laghad i ndáil leis na cinntí sin a leagtar amach in Airteagal 20(1).

Leasú 27

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 d (nua)
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 6 – mír 5

An téacs atá ann

Leasú

5. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar an deis fógra a thabhairt d'íospartaigh, gan moill neamhriachtanach, **nuair a scaoilfear** an duine a athchuireadh faoi choimeád, **nuair a ionchúisítear é nó nuair a gearradh pianbhreith air mar gheall ar chionta coiriúla a bhaineann leo nó nuair a d'éalaigh sé nó sí ó choinneáil.** Thairis sin, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear íospartaigh ar an eolas faoi aon

(2d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6(5):

5. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar an deis fógra a thabhairt d'íospartaigh, gan moill neamhriachtanach, **i gcás ina ndéantar** an duine a athchuireadh faoi choimeád, a ionchúisítear **nó** a gearradh pianbhreith air mar gheall ar chionta coiriúla a bhaineann leo **a scaoileadh ó choinneáil** nó **ar éalaigh sé** nó sí, **nuair a scaoiltear saor é nó í faoi mhaoirseacht bhreithiúnach, nuair a**

bhearta ábhartha arna n-eisiúint chun iad a chosaint i gcás ina scaoiltear an ciontóir nó ina n-éalaítear é.

aistreofar é go dtí láthair eile nó nuair a thugann sé rochtain ar shochair phríosúin, ar laghdú pianbhreitheanna nó ar fhoirceannadh luath na freagrachta coiriúla. Thairis sin, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear íospartaigh ar an eolas faoi aon bhearta ábhartha arna n-eisiúint chun iad a chosaint i gcás ina scaoiltear an ciontóir nó ina n-éalaítear é.

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 e (nua)
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 7 – mír 1

An téacs atá ann

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ateangaireacht ar fáil d'íospartaigh nach dtuigeann nó nach labhraíonn teanga na n-imeachtaí coiriúla lena mbaineann, **arna iarraidh sin dóibh, i gcomhréir lena ról sa chóras ábhartha ceartais choiriúil in imeachtaí coiriúla**, saor in aisce, ar a laghad le linn aon **agallaimh** nó ceistiú a **dhéanamh** ar an íospartach le linn imeachtaí coiriúla os comhair údaráis **imscrúdaithe** agus bhreithiúnacha, lena n-áirítear le linn ceistiú póilíneachta, agus ateangaireacht **as a rannpháirtíocht ghníomhach** in éisteachtaí cúirte agus in aon éisteachtaí eatramhacha is gá.

Leasú

(2e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7(1):

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ateangaireacht ar fáil d'íospartaigh nach dtuigeann nó nach labhraíonn teanga na n-imeachtaí coiriúla lena mbaineann, saor in aisce, ar a laghad le linn aon **agallamh** nó ceistiú a **dhéanfar** ar an íospartach le linn imeachtaí coiriúla os comhair údaráis **imscrúdaitheacha** agus bhreithiúnacha, lena n-áirítear le linn ceistiú póilíneachta, agus ateangaireacht **chun páirt ghníomhach a ghlacadh** in éisteachtaí cúirte agus in aon éisteachtaí eatramhacha is gá.

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 f (nua)

An téacs atá ann

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ar fáil d'íospartaigh nach dtuigeann nó nach labhraíonn teanga na n-imeachtaí coiriúla lena mbaineann, i gcomhréir lena ról sa chóras ábhartha ceartais choiriúil in imeachtaí coiriúla, arna iarraidh sin, aistriúcháin ar fhaisnéis atá riachtanach d'fheidhmiú a gceart in imeachtaí coiriúla i dteanga a thuigeann siad, saor in aisce, a mhéid a chuirtear an fhaisnéis sin ar fáil do na híospartaigh. Áireofar le haistriúcháin ar fhaisnéis den sórt sin ar a laghad aon chinneadh lena gcuirtear deireadh leis na himeachtaí coiriúla a bhaineann leis an gcion coiriúil a d'fhulaing an t-íospartach, **agus arna iarraidh sin don íospartach**, cúiseanna nó achoimre ghearr ar na cúiseanna leis an gcinneadh sin, ach amháin i gcás cinneadh giúiré nó cinneadh i gcás ina bhfuil na cúiseanna rúnda sna cásanna sin nach soláthraítear na cúiseanna leo mar ábhar dlí náisiúnta.

Leasú

(2f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7(3):

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ar fáil d'íospartaigh nach dtuigeann nó nach labhraíonn teanga na n-imeachtaí coiriúla lena mbaineann, i gcomhréir lena ról sa chóras ábhartha ceartais choiriúil in imeachtaí coiriúla, arna iarraidh sin, aistriúcháin ar fhaisnéis atá riachtanach d'fheidhmiú a gceart in imeachtaí coiriúla i dteanga a thuigeann siad, saor in aisce, a mhéid a chuirtear an fhaisnéis sin ar fáil do na híospartaigh. Áireofar le haistriúcháin ar fhaisnéis den sórt sin ar a laghad aon chinneadh lena gcuirtear deireadh leis na himeachtaí coiriúla a bhaineann leis an gcion coiriúil a d'fhulaing an t-íospartach, cúiseanna nó achoimre ghearr ar na cúiseanna leis an gcinneadh sin, ach amháin i gcás cinneadh giúiré nó cinneadh i gcás ina bhfuil na cúiseanna rúnda sna cásanna sin nach soláthraítear na cúiseanna leo mar ábhar dlí náisiúnta.

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 g (nua)
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 7 – mír 4

An téacs atá ann

4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear aistriúchán ar fáil d'íospartaigh

Leasú

(2g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7(4):

4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear aistriúchán ar fáil d'íospartaigh

atá i dteideal faisnéise faoi am agus áit na trialach i gcomhréir le ***hAirteagal 6(1)(b)*** agus nach dtuigeann teanga an údaráis inniúil, ***arna iarraidh sin dóibh.***

atá i dteideal faisnéise faoi am agus áit na trialach i gcomhréir le ***hAirteagal 6(1)(b)*** agus nach dtuigeann teanga an údaráis inniúil, ***ach amháin má dhiúltaíonn siad don aistriúchán sin.***

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 h (nua)
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 7 – mír 6

An téacs atá ann

6. D’ainneoin ***mhír 1*** agus ***mhír 3***, féadfar aistriúchán ó bhéal nó achoimre ó bhéal ar dhoiciméid riachtanacha a sholáthar in ionad aistriúchán i scríbhinn ar choinníoll nach ndéanfaidh an t-aistriúchán ó bhéal nó an achoimre ó bhéal sin dochar do chothroime na n-imeachtaí.

Leasú

(2h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7(6):

6. D’ainneoin ***mhír 1*** agus ***mhír 3***, féadfar aistriúchán ó bhéal nó achoimre ó bhéal ar dhoiciméid riachtanacha a sholáthar in ionad aistriúchán i scríbhinn ar choinníoll nach ndéanfaidh an t-aistriúchán ó bhéal nó an achoimre ó bhéal sin dochar do chothroime na n-imeachtaí, ***do chumas na n-íospartach páirt a ghlacadh sna himeachtaí nó dá gcumas a gcearta a fheidhmiú.***

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 8 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh na seirbhísí tacaíochta ábhartha ginearálta nó speisialaithe i dteagmháil le híospartaigh má léirítear sa mheasúnú

Leasú

2. Áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh na seirbhísí tacaíochta ábhartha ginearálta nó speisialaithe i dteagmháil le híospartaigh má léirítear sa mheasúnú

aonair dá dtagraítear in *Airteagal 22* go bhfuil gá le tacaíocht agus go dtoilíonn an t-íospartach go rachaidh na seirbhísí tacaíochta i dteagmháil leis nó má iarrann an t-íospartach tacaíocht.;

aonair dá dtagraítear in *Airteagal 22* go bhfuil gá le tacaíocht agus go dtoilíonn an t-íospartach *agus é curtha ar an eolas go cuí faoi na seirbhísí is féidir a sholáthar, go rachaidh na seirbhísí tacaíochta i dteagmháil leis nó má iarrann an t-íospartach tacaíocht.*

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a a (nua)

Treoir 2012/29/AE

Airteagal 8 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun sainseirbhísí tacaíochta saor in aisce agus rúnda a bhunú sa bhreis ar sheirbhísí ginearálta tacaíochta d'íospartaigh nó mar chuid chomhtháite díobh, nó chun a chur ar chumas eagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh glaoch ar eintitis speisialaithe atá ann cheana a sholáthraíonn an tacaíocht speisialaithe sin. Beidh rochtain ag íospartaigh, i gcomhréir lena riachtanais shonracha, ar sheirbhísí den sórt sin agus beidh rochtain ag baill teaghlaigh i gcomhréir lena riachtanais shonracha agus le méid an dochair a rinneadh mar thoradh ar an gcion coiriúil a rinneadh i gcoinne an íospartaigh.

Leasú

(aa) leasaítear mír 3 mar a leanas:

'3. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun sainseirbhísí tacaíochta saor in aisce agus rúnda a bhunú sa bhreis ar sheirbhísí ginearálta tacaíochta d'íospartaigh nó mar chuid chomhtháite díobh, nó chun a chur ar chumas eagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh glaoch ar eintitis speisialaithe atá ann cheana a sholáthraíonn an tacaíocht speisialaithe sin. Beidh rochtain ag íospartaigh, i gcomhréir lena riachtanais shonracha, ar sheirbhísí den sórt sin agus beidh rochtain ag baill teaghlaigh i gcomhréir lena riachtanais shonracha agus le méid an dochair a rinneadh mar thoradh ar an gcion coiriúil a rinneadh i gcoinne an íospartaigh. *Oibreoidh seirbhísí ginearálta agus speisialaithe tacaíochta d'íospartaigh ar bhealach comhordaithe.'*

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

7. *Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar acmhainní leordhóthanacha airgeadais do sheirbhísí tacaíochta d'íospartaigh chun tacú lena ngníomhaíochtaí agus chun acmhainní daonna leormhaithe a áirithiú.*

Or. en

Leasú 35

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe b
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 9 – mír 3 – pointe b**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) tacaíocht spriocdhírthe agus chomhtháite, lena n-áirítear tacaíocht tráma agus comhairleoireacht tráma, d'íospartaigh a bhfuil riachtanais shonracha acu, cuir i gcás íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh, íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chumhdaítear le Treoir (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**⁶⁴ [maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac], íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, íospartaigh **coireanna eagraithe, íospartaigh** atá faoi mhíchumas, **íospartaigh an dúshaothraithe, íospartaigh na fuathchoireachta, íospartaigh na sceimhlitheoireachta, íospartaigh na gcoireanna idirnáisiúnta is tromchúisí.**

(b) tacaíocht spriocdhírthe agus chomhtháite, lena n-áirítear tacaíocht tráma agus comhairleoireacht tráma **agus seirbhísí cúraim sláinte agus atáirgthe** d'íospartaigh a bhfuil riachtanais shonracha acu, cuir i gcás íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh, íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chumhdaítear le Treoir (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle** [maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac], íospartaigh na gáinneála ar dhaoine **agus** íospartaigh atá faoi mhíchumas;

⁶⁴ Treoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le

⁶⁴ Treoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le

foréigean in aghaidh na mban agus
foréigean teaghlaigh a chomhrac (IO ...).’;

foréigean in aghaidh na mban agus
foréigean teaghlaigh a chomhrac (IO ...).’;

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 - pointe b a (nua)

Treoir 2012/29/AE

Airteagal 9 – mír 3 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ba) i mír 3, cuirtear isteach an pointe seo a leanas léi:

‘(ba) tacaíocht spriocdhírthe agus chomhtháite, lena n-áirítear tráma agus tacaíocht leighis agus comhairleoireacht d’íospartaigh coireanna eagraithe, d’íospartaigh an dúshaothraithe, d’íospartaigh na fuathchoireachta, d’íospartaigh na sceimhlitheoireachta agus d’íospartaigh croíchoireanna idirnáisiúnta.’

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe c

Treoir 2012/29/AE

Airteagal 9 – mír 5 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

5. *Áiritheoidh na Ballstáit meastóireacht bhliantúil neamhspleách ar cháilíocht na seirbhísí tacaíochta dá dtagraítear san Airteagal seo agus áiritheoidh siad go ndéanfar na seirbhísí a oiriúnú dá réir.*

Leasú 38

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 9 a – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) tacaíocht mhothúchánach agus shíceolaíoch;

Leasú

(c) tacaíocht mhothúchánach, ***síceasóisialta, oideachasúil*** agus shíceolaíoch;

Leasú 39

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 9 a – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ca) ***cúnamh agus tacaíocht riaracháin agus dhlíthiúil;***

Leasú 40

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 9 a – mír 4 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4. Áiritheoidh na Ballstáit meastóireacht bhliantúil neamhspleách ar cháilíocht na seirbhísí tacaíochta dá dtagraítear i mír 2 agus áiritheoidh siad

go ndéanfar na seirbhísí a oiriúnú dá réir.

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 10 a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cúnamh a bhunú ag áitreabh na cúirte chun faisnéis agus *tacaíocht* mhothúchánach a *chur ar fáil* d'íospartaigh.

Leasú

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cúnamh a bhunú ag áitreabh na cúirte chun faisnéis, *tacaíocht phraiticiúil* agus mhothúchánach a *sholáthar* d'íospartaigh *le linn imeachtaí coiriúla*.

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 10 b – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) *Airteagal 7(1)* i ndáil le cinntí maidir le socruithe ateangaireachta le linn *éisteachtaí* cúirte;

Leasú

(a) *Airteagal 7(1)* i ndáil le cinntí maidir le socruithe ateangaireachta le linn *imeachtaí* cúirte;

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 10 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) *Airteagal 23(3).*

(b) *Airteagal 23(3) agus (4).*

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe a

Treoir 2012/29/AE

Airteagal 17 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

An téacs atá ann

Leasú

1. Áiritheoidh na Ballstáit *gur féidir lena* n-údaráis inniúla bearta iomchuí *a dhéanamh* chun na deacrachtaí a bhíonn ag an íospartach a íoslaghdú i gcás ina bhfuil cónaí ar an íospartach i mBallstát seachas an Ballstát ina ndearnadh an cion coiriúil, go háirithe maidir le heagrú na n-imeachtaí. Chun na críche sin, *beidh* údaráis an Bhallstáit ina ndearnadh an cion coiriúil *in ann, go háirithe*, an méid seo a leanas *a dhéanamh*:

(-a) i mír 1, leasaítear an chuid réamhráiteach mar a leanas:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit *go nglacfaidh a* n-údaráis inniúla bearta iomchuí chun na deacrachtaí a bhíonn ag an íospartach a íoslaghdú i gcás ina bhfuil cónaí ar an íospartach i mBallstát seachas an Ballstát ina ndearnadh an cion coiriúil, go háirithe maidir le heagrú na n-imeachtaí. Chun na críche sin, *déanfaidh* údaráis an Bhallstáit ina ndearnadh an cion coiriúil an méid seo a leanas:’

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe a

Treoir 2012/29/AE

Airteagal 17 – mír 1 – pointe a

An téacs atá ann

Leasú

(a) ráiteas a ghlacadh ón íospartach díreach tar éis an gearán a dhéanamh leis an údarás inniúil maidir leis an gcion coiriúil;

(a) ráiteas a ghlacadh ón íospartach díreach tar éis an gearán a dhéanamh leis an údarás inniúil maidir leis an gcion coiriúil;

Leasú 46

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe a
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 17 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) **dul** ar iontaoibh na bhforálacha, a mhéid is féidir, maidir le físchomhdháil agus glaonna comhdhála chun rannpháirtíocht íospartach a bhfuil cónaí orthu thar lear in imeachtaí coiriúla a éascú.;

Leasú

(b) ar iontaoibh na bhforálacha, a mhéid is féidir, maidir le físchomhdháil agus glaonna comhdhála chun rannpháirtíocht íospartach a bhfuil cónaí orthu thar lear in imeachtaí coiriúla a éascú.;

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 a (nua)
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 19 – mír 1

An téacs atá ann

1. Bunóidh na Ballstáit na coinníollacha is gá chun gur féidir teagmháil idir íospartaigh agus a mbaill teaghlaigh a sheachaint, i gcás inar gá, agus **an ciontóir** laistigh d'áitreabh ina seoltar imeachtaí coiriúla, ach amháin má éilíonn na himeachtaí coiriúla teagmháil den sórt sin.

Leasú

(8a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19(1):

1. Bunóidh na Ballstáit na coinníollacha is gá chun gur féidir teagmháil idir íospartaigh agus a mbaill teaghlaigh, **agus an ciontóir** a sheachaint, i gcás inar gá **nó nuair a chuireann an t-íospartach in iúl go bhfuil gá**, agus **údar leis**, laistigh d'áitreabh ina seoltar imeachtaí coiriúla, ach amháin má éilíonn na himeachtaí coiriúla teagmháil den sórt sin.

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 b (nua)
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 19 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(8b) in Airteagal 19, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

2a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear íospartaigh ar an eolas go cuí faoi choinniollacha a bheith ar fáil lenár féidir teagmháil leis an gciontóir a sheachaint.'

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 c (nua)
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 19a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(8b) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

'Airteagal 19a

An ceart chun dínit na n-íospartach a chosaint

Déanfaidh na Ballstáit bearta agus cuirfidh siad coimircí ar fáil chun cosc a chur ar aon athíospairt a eascraíonn as uiríslíú agus ionsaithe ar íomhá na n-íospartach, amhail coir ar leith a ghlóiriú nó ómós a thabhairt do chiontóirí ciontaithe.'

Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 21 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach gcuirfear sonraí pearsanta a bhaineann le híospartach ar fáil don chiontóir go díreach nó go hindíreach lena bhféadfaidh an ciontóir áit chónaithe an íospartaigh a shainnithint nó dul i dteagmháil leis an íospartach ar bhealach ar bith.

Leasú

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach gcuirfear sonraí pearsanta a bhaineann le híospartach ar fáil don chiontóir go díreach nó go hindíreach lena bhféadfaidh an ciontóir áit chónaithe an íospartaigh a shainnithint nó dul i dteagmháil leis an íospartach ar bhealach ar bith. ***Ní chuirfear sonraí pearsanta eile an íospartaigh nó a mbaill teaghlaigh ar fáil don chiontóir ach amháin má tá sé riachtanach d'éifeachtacht na n-imeachtaí coiriúla.***

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe a
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 22 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Measúnú aonair ar íospartaigh chun riachtanais shonracha ***tacaíochta agus*** chosanta a shainnithint

Leasú

Measúnú aonair ar íospartaigh chun riachtanais shonracha chosanta a shainnithint

Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe b
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 22 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh íospartaigh measúnú tráthúil agus aonair, chun **tacaíocht shonrach agus** riachtanais chosanta a shainaitheint agus chun a chinneadh an **mbainfeadh siad** tairbhe as bearta speisialta dá bhforáiltear faoi **Airteagal 9(1), pointe (c), agus faoi Airteagail 23 agus 24, agus** a mhéid a **bhainfeadh siad** tairbhe astu, mar gheall ar a leochaileacht shonrach i ndáil le híospairt thánaisteach agus athíospairt, **imeaglú** agus frithbheartaíocht.

Leasú

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh íospartaigh measúnú tráthúil aonair, chun riachtanais **shonracha** chosanta **le linn na n-imeachtaí** a shainaitheint agus chun a chinneadh an **mbainfidís** tairbhe as bearta speisialta dá bhforáiltear faoi **Airteagail 23 agus 24,** agus a mhéid a **bhainfidís** tairbhe astu, mar gheall ar a leochaileacht shonrach i ndáil le híospairt thánaisteach agus athíospairt, **le huirisliú, le himeaglú** agus **le** frithbheartaíocht.

Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe cTreoir 2012/29/AE

Airteagal 22 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1b. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an próiseas measúnaithe ar riachtanais an duine aonair a chomhordú idir údaráis inniúla ceartais agus údaráis forfheidhmithe dlí a oibríonn le híospartaigh agus atá freagrach as bearta cosanta a ghlacadh. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun comhar agus comhordú a áirithiú le seirbhísí eile lena mbaineann a chuireann tacaíocht ar fáil d'íospartaigh, lena n-áirítear eagraíochtaí poiblí nó neamhrialtasacha, le linn an phróisis measúnaithe ar riachtanais an duine aonair.

Leasú

Or. en

Leasú 54

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe d

Treoir 2012/29/AE

Airteagal 22 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) saintréithe pearsanta an íospartaigh, lena n-áirítear taithí ábhartha ar idirdhealú, fiú nuair atá siad bunaithe ar mheascán de fhorais éagsúla amhail gnéas, inscne, aois, míchumas, reiligiún nó creideamh, teanga, bunadh ciníoch, sóisialta nó eitneach, gnéaschlaonadh;

Leasú

(a) saintréithe pearsanta an íospartaigh, lena n-áirítear taithí ábhartha ar idirdhealú, fiú nuair atá siad bunaithe ar mheascán de fhorais éagsúla amhail gnéas, inscne, aois, míchumas, **stádas cónaithe**, reiligiún nó creideamh, teanga, bunadh ciníoch, sóisialta nó eitneach, gnéaschlaonadh;

Or. en

Leasú 55

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe d

Treoir 2012/29/AE

Airteagal 22 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) íospartaigh a ndearnadh díobháil **mhór** dóibh mar gheall ar dhéine na coire;

Leasú

(a) íospartaigh a ndearnadh díobháil **nó tráma mór** dóibh mar gheall ar dhéine na coire;

Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe d

Treoir 2012/29/AE

Airteagal 22 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

I ndáil leis an méid sin, tabharfar aird chuí ar íospartaigh na sceimhlitheoireachta, na

Leasú

I ndáil leis an méid sin, tabharfar aird chuí ar íospartaigh na sceimhlitheoireachta, na

coireachta eagraithe, na gáinneála ar dhaoine, an fhoréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh, foréigean gnéasach, teacht i dtír nó fuathchoireacht, íospartaigh na gcoireanna idirnáisiúnta is tromchúisí agus íospartaigh atá faoi mhíchumas. Tabharfar aird ar leith ar íospartaigh a thagann faoi níos mó ná ceann amháin de na catagóirí sin.;

coireachta eagraithe, na gáinneála ar dhaoine, an fhoréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh, foréigean gnéasach, **lena n-áirítear mí-úsáid ghnéasach leanaí**, teacht i dtír nó fuathchoireacht, íospartaigh na gcoireanna idirnáisiúnta is tromchúisí agus íospartaigh atá faoi mhíchumas. Tabharfar aird ar leith ar íospartaigh a thagann faoi níos mó ná ceann amháin de na catagóirí sin **agus sagsanna ar líne na gcineálacha foréigin sin.**;

Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe e

Treoir 2012/29/AE

Airteagal 22 – mír 3 a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3a. I gcomhthéacs an mheasúnaithe aonair, tabharfar aird ar leith ar an riosca a bhaineann leis an gciontóir, lena n-áirítear an riosca a bhaineann le hiompar foréigneach agus díobháil choirp, úsáid arm, rannpháirtíocht i ngrúpa coireachta eagraithe, mí-úsáid drugaí nó alcóil, mí-úsáid leanaí, saincheisteanna meabhairshláinte, iompar stalcaireachta, bagairtí nó fuathchaint.;

Leasú

3a. I gcomhthéacs an mheasúnaithe aonair, tabharfar aird ar leith ar an riosca a bhaineann leis an gciontóir, lena n-áirítear an riosca a bhaineann le hiompar foréigneach agus díobháil choirp, úsáid arm, rannpháirtíocht i ngrúpa coireachta eagraithe, mí-úsáid drugaí nó alcóil, **ciontuithé roimhe sin a bhaineann le** mí-úsáid leanaí, saincheisteanna meabhairshláinte, iompar stalcaireachta, bagairtí nó fuathchaint.;

Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe f

Treoir 2012/29/AE

Airteagal 22 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Chun críocha na Treorach seo, toimhdeofar go bhfuil riachtanais shonracha **tacaíochta agus** chosanta ag íospartaigh ar leanaí iad de bharr a leochaileachta i ndáil le híospairt thánaisteach agus athíospairt, imeaglú agus frithbheartaíocht. Chun a chinneadh an mbainfidh siad tairbhe as bearta speisialta dá bhforáiltear faoi Airteagail 23 agus 24 agus a mhéid a bhainfidís tairbhe astu, beidh íospartaigh ar leanaí iad faoi réir measúnú aonair dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo. Eagrófar an measúnú aonair ar íospartaigh ar leanaí iad faoi chuimsiú na seirbhísí tacaíochta spriocdhírthe agus comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 9a.;

Leasú

4. Chun críocha na Treorach seo, toimhdeofar go bhfuil riachtanais shonracha chosanta ag íospartaigh ar leanaí iad de bharr a leochaileachta i ndáil le híospairt thánaisteach agus athíospairt, imeaglú agus frithbheartaíocht. Chun a chinneadh an mbainfidh siad tairbhe as bearta speisialta dá bhforáiltear faoi Airteagail 23 agus 24 agus a mhéid a bhainfidís tairbhe astu, beidh íospartaigh ar leanaí iad faoi réir measúnú aonair dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo. Eagrófar an measúnú aonair ar íospartaigh ar leanaí iad faoi chuimsiú na seirbhísí tacaíochta spriocdhírthe agus comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 9a.;

Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe h
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 22 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

7. Déanfaidh na húdaráis inniúla an measúnú aonair a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun a áirithiú go mbaineann na bearta **tacaíochta agus** cosanta le staid athraitheach an íospartaigh. Má tá athrú suntasach tagtha ar na heilimintí atá mar bhonn leis an measúnú aonair, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar é a nuashonrú le linn na n-imeachtaí coiriúla.;

Leasú

7. Déanfaidh na húdaráis inniúla an measúnú aonair a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun a áirithiú go mbaineann na bearta cosanta le staid athraitheach an íospartaigh. Má tá athrú suntasach tagtha ar na heilimintí atá mar bhonn leis an measúnú aonair, **amhail i gcás an ciontóir a scaoileadh ó choimeád**, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar é a nuashonrú le linn na n-imeachtaí coiriúla.;

Or. en

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 a (nua)
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 22a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(10a) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 22a

Measúnú aonair ar íospartaigh chun riachtanais shonracha tacaíochta a shainaithint

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh íospartaigh measúnú tráthúil agus aonair, chun riachtanais shonracha tacaíochta a shainaithint le linn na n-imeachtaí coiriúla, agus an measúnú aonair dá dtagraítear in Airteagal 22 á chur san áireamh, agus chun a chinneadh an mbainfidís tairbhe as bearta speisialta dá bhforáiltear faoi Airteagal 9(1), pointe (c), agus a mhéid a bhainfidís tairbhe astu, mar gheall ar a leochaileacht shonrach i ndáil le híospairt thánaisteach agus athíospairt, le huirisliú, le himeaglú agus le frithbheartaíocht.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla an measúnú aonair a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun a áirithiú go mbaineann na bearta tacaíochta le staid athraitheach an íospartaigh. Má tá athrú suntasach tagtha ar na heilimintí atá mar bhonn leis an measúnú aonair, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar é a nuashonrú le linn na n-imeachtaí coiriúla.;

3. Beidh feidhm ag Airteagal 22(2) go (5) maidir leis an measúnú aonair ar riachtanais tacaíochta faoi mhír 1 den Airteagal seo.’

Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 b (nua)
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 23 – mír 1

An téacs atá ann

1. Gan dochar do chearta na cosanta agus i gcomhréir le rialacha na discréide breithiúnaí, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh íospartaigh a bhfuil riachtanais shonracha cosanta acu agus a thairbhíonn de bhearta speisialta arna sainaithint mar thoradh ar mheasúnú aonair dá bhforáiltear in Airteagal 22(1), tairbhe a bhaint as na bearta dá bhforáiltear i mír 2 agus i mír 3 den Airteagal seo. Ní chuirfear beart speisialta atá beartaithe tar éis an mheasúnaithe aonair ar fáil más rud é nach féidir é sin a dhéanamh mar gheall ar shrianta oibríochtúla nó praiticiúla, nó i gcás ina bhfuil géarghá leis an íospartach a chur faoi agallamh agus i gcás ina bhféadfadh mainneachtain é sin dochar a dhéanamh don íospartach nó do dhuine eile nó go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh do chúrsa na n-imeachtaí.

Leasú

(10b) in Airteagal 23, leasaítear mír 1 mar a leanas:

‘1. Gan dochar do chearta na cosanta agus i gcomhréir le rialacha na discréide breithiúnaí, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh íospartaigh a bhfuil riachtanais shonracha cosanta acu agus a thairbhíonn de bhearta speisialta arna sainaithint mar thoradh ar mheasúnú aonair dá bhforáiltear in Airteagal 22(1), tairbhe a bhaint as na bearta dá bhforáiltear i mír 2 agus i mír 3 den Airteagal seo. ***In imthosca eisceachtúla***, ní chuirfear beart speisialta atá beartaithe tar éis an mheasúnaithe aonair ar fáil más rud é nach féidir é sin a dhéanamh mar gheall ar shrianta oibríochtúla nó praiticiúla, nó i gcás ina bhfuil géarghá leis an íospartach a chur faoi agallamh agus i gcás ina bhféadfadh mainneachtain é sin dochar a dhéanamh don íospartach nó do dhuine eile nó go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh do chúrsa na n-imeachtaí.’

Or. en

Leasú 62

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 23 – mír 4 – pointe c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(c) rochtain ar ionaid dídine agus ar chóiríochtaí eatramhacha iomchuí eile.

Leasú 63

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 – an chuid réamhráiteach Treoir 2012/29/AE

Airteagal 24 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(13) *in Airteagal 24, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*

(13) *leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:*

a) i mír 1, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(ca) áiritheofar ceart an linbh chun éisteacht a fháil agus leas an linbh le linn na n-imscrúduithe coiriúla agus na n-imeachtaí coiriúla, i gcomhréir le hAirteagal 10’

b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

Leasú 64

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 a (nua)

Treoir 2012/29/AE

Airteagal 25

An téacs atá ann

Leasú

Airteagal 25

Oiliúint a chur ar chleachtóirí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh oifigigh ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh, amhail póilíní agus foireann na cúirte, oiliúint ghinearálta agus sainoiliúint ar leibhéal is íomchuí dá dteagmháil le híospartaigh chun a

(13a) leasaítear Airteagal 25 mar a leanas:

‘Airteagal 25

Oiliúint a chur ar chleachtóirí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh oifigigh ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh, amhail póilíní agus foireann na cúirte, oiliúint ghinearálta agus sainoiliúint ar leibhéal is íomchuí dá dteagmháil le híospartaigh chun a

bhfeasacht ar riachtanais íospartach a mhéadú agus chun a chur ar a gcumas déileáil **le híospartaigh** ar bhealach neamhchlaonta, measúil agus gairmiúil.

2. Gan dochar do neamhspleáchas breithiúnach ná do dhifríoachtaí in eagrú na mbreithiúna ar fud an Aontais, iarrfaidh na Ballstáit orthu siúd atá freagrach as oiliúint a chur ar bhreithiúna agus ar ionchúisitheoirí a bhfuil baint acu le himeachtaí coiriúla, oiliúint ghinearálta agus oiliúint speisialaithe araon a chur ar fáil chun feasacht na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí ar riachtanais na n-íospartach a mhéadú.

3. Agus urraim chuí á tabhairt do neamhspleáchas ghairm an dlí, molfaidh na Ballstáit dóibh siúd atá freagrach as oiliúint a chur ar dhlíodóirí oiliúint ghinearálta agus oiliúint speisialaithe araon a chur ar fáil chun feasacht dlíodóirí ar riachtanais na n-íospartach a mhéadú.

4. Trína seirbhísí poiblí nó trí eagraíochtaí tacaíochta íospartach a chistiú, spreagfaidh na Ballstáit tionscnaimh lena gcuirfear ar a gcumas dóibh siúd a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh agus seirbhísí ceartais aisiríoch oiliúint leordhóthanach a fháil go dtí leibhéal is íomchuí dá dteagmháil le híospartaigh agus caighdeáin ghairmiúla a urramú chun a áirithiú go soláthrófar na seirbhísí sin ar bhealach neamhchlaonta, measúil agus gairmiúil.

bhfeasacht ar riachtanais íospartach a mhéadú agus chun a chur ar a gcumas **íospartaigh a shainithint agus** déileáil **leo** ar bhealach neamhchlaonta, **neamh-idirdhealaitheach**, measúil agus gairmiúil.

1a. Chun tacaíocht agus cosaint chuimsitheach d'íospartaigh a áirithiú, déanfaidh na Ballstáit breithniú freisin ar threoirlínte praiticiúla a fhorbairt chun cuidiú leis na hoibleagáidí chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais chosanta agus tacaíochta íospartach a aistriú ina gcéimeanna praiticiúla d'údaráis inniúla, amhail údaráis forfheidhmithe dlí.

2. Gan dochar do neamhspleáchas breithiúnach ná do dhifríoachtaí in eagrú na mbreithiúna ar fud an Aontais, iarrfaidh na Ballstáit orthu siúd atá freagrach as oiliúint a chur ar bhreithiúna agus ar ionchúisitheoirí a bhfuil baint acu le himeachtaí coiriúla, oiliúint ghinearálta agus oiliúint speisialaithe araon a chur ar fáil chun feasacht na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí ar riachtanais na n-íospartach a mhéadú **agus caitheamh le híospartaigh ar bhealach atá íogair ó thaobh tráma, inscne agus leanáí de, lena seachnaítear íospairt thánaisteach.**

3. Agus urraim chuí á tabhairt do neamhspleáchas ghairm an dlí, molfaidh na Ballstáit dóibh siúd atá freagrach as oiliúint a chur ar dhlíodóirí oiliúint ghinearálta agus oiliúint speisialaithe araon a chur ar fáil chun feasacht dlíodóirí ar riachtanais na n-íospartach a mhéadú.

4. Trína seirbhísí poiblí nó trí eagraíochtaí tacaíochta íospartach a chistiú, spreagfaidh na Ballstáit tionscnaimh lena gcuirfear ar a gcumas dóibh siúd a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh agus seirbhísí ceartais aisiríoch oiliúint leordhóthanach a fháil go dtí leibhéal is íomchuí dá dteagmháil le híospartaigh agus caighdeáin ghairmiúla a urramú chun a áirithiú go soláthrófar na seirbhísí sin ar bhealach neamhchlaonta, measúil agus gairmiúil.

5. I gcomhréir leis na dualgais atá i gceist, agus le cineál agus leibhéal na teagmhála atá ag an gcleachtóir le híospartaigh, beidh sé *d’aidhm ag an oiliúint* a chur ar chumas an chleachtóra *aitheantas a thabhairt d’íospartaigh* agus caitheamh leo ar bhealach measúil, gairmiúil agus neamh-idirdhealaitheach.

5. I gcomhréir leis na dualgais atá i gceist, agus le cineál agus leibhéal na teagmhála atá ag an gcleachtóir le híospartaigh, *cumhdófar oiliúint ghinearálta agus oiliúint speisialaithe leis an oiliúint, agus beidh sé mar aidhm léi* a chur ar chumas an chleachtóra *íospartaigh a shainaitheint, riachtanais na n-íospartach a thuiscint mar aon le dlí náisiúnta agus nósanna imeachta maidir le cearta na n-íospartach, chun íospairt thánaisteach a sheachaint, agus* caitheamh leo ar bhealach measúil, gairmiúil agus neamh-idirdhealaitheach.

6. Aireofar san oiliúint dá dtagraítear i mír 1, 2 agus 3 treoraíocht shonrach maidir le comhar comhordaithe ilghníomhaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 26a, lena bhféadfar tarchuir a láimhseáil go cuimsitheach, go héifeachtúil agus go hiomchuí i measc na n-údarás inniúil éagsúil.

7. Spreagfaidh na Ballstáit forbairt oiliúna idirdhisciplíní i measc údaráis éagsúla ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh, i gcás inarb ábhartha le comhar gníomhaithe neamhrialtasacha, chun comhar agus comhordú a fheabhsú i measc na n-údarás.

8. Cuirfidh na Ballstáit oiliúint chun cinn d’údaráis inniúla a bhíonn i dteagmháil le híospartaigh chun freagairt do riachtanais shonracha íospartaigh na cibearchoireachta, lena n-áirítear cineálacha foréigin in aghaidh na mban nó mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne, le tacaíocht ón nGrúpa Eorpach Oiliúna agus Oideachais maidir leis an gCibearchoireacht.’

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14

2012/29/AE

Airteagal 26 a – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Déanfaidh na Ballstáit prótacail shonracha a bhunú agus a chur chun feidhme maidir le heagrú seirbhísí agus gníomhaíochtaí faoin Treoir seo ag na húdaráis inniúla agus ag daoine eile a mbíonn teagmháil acu le híospartaigh. Déanfar na prótacail a tharraingt suas i gcomhordú agus i gcomhar idir údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis ionchúisimh, breithiúna, údaráis choinneála, seirbhísí ceartais aisiríoch agus seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh. Beidh sé d'aidhm ag na prótacail shonracha an méid a leanas ar a laghad a áirithiú:

Leasú

1. Déanfaidh na Ballstáit prótacail shonracha a bhunú agus a chur chun feidhme maidir le heagrú seirbhísí agus gníomhaíochtaí faoin Treoir seo ag na húdaráis inniúla agus ag daoine eile a mbíonn teagmháil acu le híospartaigh. Déanfar na prótacail a tharraingt suas i gcomhordú agus i gcomhar idir údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis ionchúisimh, breithiúna, údaráis choinneála, seirbhísí ceartais aisiríoch agus seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh **agus i gcomhairle le heagraíochtaí sochaí sibhialta agus le heagraíochtaí gairmiúla ábhartha**. Beidh sé d'aidhm ag na prótacail shonracha an méid a leanas ar a laghad a áirithiú:

Or. en

Leasú 66

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14

Treoir /AE

Airteagal 26 a – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) íospartaigh atá faoi choinneáil lena n-áirítear i bpríosúin, in ionaid choinneála agus i gcealla coinneála do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe, **agus** i saoráidí coinneála speisialaithe d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus in ionaid réamhaistrithe nó in institiúidí eile, lena n-áirítear in ionaid chóiríochta ina bhfuil iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus tairbhíthe cosanta

Leasú

(b) íospartaigh atá faoi choinneáil lena n-áirítear i bpríosúin, in ionaid choinneála agus i gcealla coinneála do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe, i saoráidí coinneála speisialaithe d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus in ionaid réamhaistrithe nó in institiúidí eile, lena n-áirítear in ionaid chóiríochta ina bhfuil iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus tairbhíthe cosanta

idirnáisiúnta lonnaithe:

idirnáisiúnta lonnaithe, ***chomh maith le daoine eile a bhfuil a sairse bainte díobh, lena n-áirítear daoine in institiúidí meabhairshláinte, sóisialta agus cúraim:***

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 26 a – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) measúnú aonair ar riachtanais íospartach maidir le tacaíocht agus cosaint dá dtagraítear in Airteagal 22, agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar d'íospartaigh a bhfuil riachtanais shonracha acu, riachtanais aonair na n-íospartach ag céimeanna éagsúla den nós imeachta coiriúil a chur san áireamh.

Leasú

(c) measúnú aonair ar riachtanais íospartach maidir le tacaíocht agus cosaint dá dtagraítear in Airteagal 22, agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar d'íospartaigh a bhfuil riachtanais shonracha acu, riachtanais aonair na n-íospartach ag céimeanna éagsúla den nós imeachta coiriúil a chur san áireamh, ***lena n-áirítear trí chomhordú éifeachtach i measc údarás inniúil le linn an phróisis sin.***

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 26a – mír 1 – pointe d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(d) ***go gcuirfear oiliúint ar údaráis inniúla ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh ar bhealach spriocdhírthe agus rialta chun a áirithiú go sainiithneofar íospartaigh agus go bhfaighidh siad tacaíocht agus cosaint***

Leasú 69

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 26 a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta reachtacha is gá chun go bhféadfar faisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt, lena n-áirítear faisnéis ina bhfuil sonraí pearsanta íospartach a chomhroinnt idir na húdaráis inniúla agus seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh chun rochtain ar fhaisnéis agus ar thacaíocht agus cosaint iomchuí d'íospartaigh aonair a áirithiú.

Leasú

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta reachtacha is gá chun go bhféadfar faisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt ***i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679***, lena n-áirítear faisnéis ina bhfuil sonraí pearsanta íospartach a chomhroinnt idir na húdaráis inniúla agus seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh chun rochtain ar fhaisnéis agus ar thacaíocht agus cosaint iomchuí d'íospartaigh aonair a áirithiú.

Leasú 70

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 27 a – pointe g (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(g) ní dhéanann úsáid orduithe urchoisc, srianta agus cosanta chun cosaint a thabhairt d'íospartaigh dá dtagraítear in Airteagal 23 den Treoir seo difear d'oibleagáidí na mBallstát sláine fhisiciúil íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh agus a gcleithiúnaithe a áirithiú dá bhforáiltear in Airteagal 21 de Threoir (AE).../... [maidir le foréigean in

Leasú 71

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 27 a – pointe h (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(h) ní dhéanann an oibleagáid bearta a dhéanamh de bhun Airteagal 25 den Treoir seo difear d’oibleagáid na mBallstát bearta spriocdhírthe a dhéanamh faoi Airteagal 37 de Threoir (AE) .../... [maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac]’

Leasú 72

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 28 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun córas a bhunú chun staidreamh maidir le híospartaigh na coireachta a bhailiú, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Áireofar ar an staidreamh sonraí atá ábhartha do chur i bhfeidhm nósanna imeachta náisiúnta maidir le híospartaigh na coireachta, lena n-áirítear ar a laghad líon agus cineál na gcoireanna a tuairiscíodh agus líon, aois agus **gnéas** na n-íospartach agus cineál an **chiona**.

1. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun córas a bhunú chun staidreamh maidir le híospartaigh na coireachta a bhailiú, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Áireofar ar an staidreamh sonraí atá ábhartha do chur i bhfeidhm nósanna imeachta náisiúnta maidir le híospartaigh na coireachta, lena n-áirítear ar a laghad líon agus cineál na gcoireanna a tuairiscíodh agus líon, aois, **gnéas, inscne** agus **míchumas, más ann dóibh**, na n-

Áireofar iontu freisin faisnéis *faoin gcaoi a bhfuair* íospartaigh rochtain ar na cearta a leagtar amach sa Treoir seo.

íospartach, *cinéal an chiona* agus cineál an *chaidrimh idir an t-íospartach agus an ciontóir*. Áireofar iontu freisin faisnéis *maidir le conas a fuair* íospartaigh rochtain ar na cearta a leagtar amach sa Treoir seo *agus maidir le cé acu a d'fhulaing íospartaigh coir mar gheall ar chlaontacht nó ar chúis idirdhealaitheach mar a shonraítear in Airteagal 22*.

Or. en

Leasú 73

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 28 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Baileoidh na Ballstáit an staidreamh dá dtagraítear san Airteagal seo ar bhonn comh-chomhiomlánaithe arna fhorbairt i gcomhar leis an gCoimisiún (Eurostat). Déanfaidh siad na sonraí sin a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) gach 3 bliana. Ní bheidh sonraí pearsanta iontu.

Leasú

2. Baileoidh na Ballstáit an staidreamh dá dtagraítear san Airteagal seo ar bhonn comh-chomhiomlánaithe arna fhorbairt i gcomhar leis an gCoimisiún (Eurostat) *agus saineolaithe i réimse chearta na n-íospartach*. Déanfaidh siad na sonraí sin a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) gach 3 bliana. *Beidh amlíne shioncrónaithe ag na Ballstáit don tuairisciú sin chun inchoimparáideacht sonraí a áirithiú*. Ní bheidh sonraí pearsanta iontu.

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 28 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Tacóidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún staidreamh maidir le híospartaigh na coireachta a bhailiú, a tháirgeadh agus a scaipeadh agus tuairisciú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuair íospartaigh rochtain ar na cearta a leagtar amach sa Treoir seo.

Leasú

3. Tacóidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún staidreamh maidir le híospartaigh na coireachta a bhailiú, a tháirgeadh agus a scaipeadh agus ***anailís chainníochtúil a dhéanamh orthu agus*** tuairisciú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuair íospartaigh rochtain ar na cearta a leagtar amach sa Treoir seo.

Or. en

Leasú 75

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 28 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. Cuirfidh na Ballstáit an staidreamh arna bhailiú ar fáil don phobal. Ní bheidh sonraí pearsanta sa staidreamh.

Leasú

5. Cuirfidh na Ballstáit an staidreamh arna bhailiú ar fáil don phobal. Ní bheidh sonraí pearsanta sa staidreamh ***i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.***

Or. en

Leasú 76

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 a (nua) Treoir 2012/29/AE
Airteagal 28 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(16a) (cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 28a

Straitéis an Aontais maidir le cearta

íospartach a chomhordú

1. Chun comhsheasmhacht agus éifeachtacht na gníomhaíochtaí maidir le beartas chearta íospartach a áirithiú, déanfaidh na Ballstáit cúraimí Comhordaitheora um Chearta Íospartach a éascú.

2. Go háirithe, áiritheoidh an Comhordaitheoir um Chearta Íospartach feidhmiú rianúil an Ardáin um Chearta Íospartach agus cur chun feidhme Straitéis an Aontais maidir le cearta íospartach agus déanfaidh sé gníomhaíochtaí geallsealbhóirí eile ar leibhéal an Aontais a bhaineann le cearta íospartach a shioncrónú, go háirithe i gcás inarb ábhartha maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo.'

Or. en

Leasú 77

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17
Treoir 2012/29/AE
Airteagal 29 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ***faoi [6 bliana tar éis ghlacadh na Treorach]***. Déanfar measúnú sa tuarascáil ar a mhéid a ghlac na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear an cur chun feidhme teicniúil.

Leasú

Faoi ... [6 bliana tar éis an ghlactha] cuirfidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Déanfar measúnú sa tuarascáil ar a mhéid a ghlac na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear an cur chun feidhme teicniúil. ***Déanfaidh an Coimisiún torthaí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus Eurostat a chur san áireamh sa tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo.***

Or. en

